



An Bhruiséil, 1 Nollaig 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstiúideach:
2022/0051(COD)**

15024/1/22
REV 1 ADD 3

DRS 64
SUSTDEV 203
CODEC 1793
COMPET 928

NÓTA

ó: Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)

An: 30 Samhain 2022

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. ón 6533/22
gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE maidir le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht
Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937
- Cur chuige ginearálta
= *Ráiteas ón Eastóin*

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas ó thoscaireacht na hEastóine maidir leis an ábhar thuasluaite ag féachaint don chruinniú a bheidh ag an gComhairle Iomaíochais an 1 Nollaig 2022.

Togra le haghaidh Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht

Chorparáideach

Ráiteas ón Eastóin

le cur san áireamh i miontuairiscí Chomhairle COMPET an 1 Nollaig 2022

Is díol sásaimh don Eastóin aidhm ghinearálta na Treorach maidir le cearta an duine agus an comhshaol a chosaint le linn gníomhaíochtaí gnó. Tá ról tábhachtach agus ríthábhachtach ag cuideachtaí, go háirithe fiontair mhóra, ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, ós rud é go mbíonn tionchar suntasach ag modhanna táirgthe earraí agus seirbhísí ar an gcomhshaol agus ar phrionsabail chearta an duine.

Mar sin féin, a mhéid a bhaineann linne, níl na réitigh maidir leis an gcuid den Iarscríbhinn i ndáil le cearta an duine, maidir le dliteanas sibhialta agus an earnáil airgeadais fós soiléir ná indéanta ó thaobh an dlí de. D'fhéadfadh cur i bhfeidhm forálacha atá doiléir ó thaobh an dlí di ualach riaracháin iomarcach a chruthú do na Ballstáit agus do chuideachtaí araon, agus d'fhéadfadh sé a n-iomaíochas a laghdú. Cé go bhfeictear roinnt leasuithe dearfacha ar an gcéad togra, ceapaimid fós nár baineadh amach cothromaíocht go fóill idir na leasanna éagsúla ar thug an togra aghaidh orthu.

Maidir le cur chun feidhme na hIarscríbhinne (go háirithe i réimse chearta an duine), chruthódh sí ceisteanna maidir le conas oibleagáidí sa dlí náisiúnta atá soiléir agus intuigthe ó thaobh an dlí de a fhoirmiú. Dá réir sin, d'fhéadfadh oibleagáidí nach bhfuil aontaithe go leordhóthanach a bheith mar thoradh air sin ar fud an Aontais, rud nach dtacódh le haidhm na Treorach. Thairis sin, d'fhágfadh na hoibleagáidí doiléire go mbeadh sé deacair do na cuideachtaí measúnú a dhéanamh ar a n-oibleagáidí chun dliteanas sibhialta féideartha a sheachaint go réasúnta agus don duine díobhálaithe measúnú a dhéanamh ar ionchais réasúnacha éilimh. Ina theannta sin, feicimid neamhréireachtaí le prionsabail ghinearálta an dlí torta, go príomha maidir le sannadh an dliteanais. Maidir leis an earnáil airgeadais, tá an inbhuanaitheacht san earnáil sin á rialú cheana féin le gníomhartha éagsúla, lena n-ardaítear roinnt ceisteanna maidir leis na hidirnaisc, an comhleanúnachas agus an tsoiléireacht dhlíthiúil i ndáil leis na rialacha díchill chuí is infheidhme maidir leis an earnáil airgeadais.

Sa chomhthéacs a leagtar amach thuas, ní féidir leis an Eastóin an Cur Chuige Ginearálta a fhorghuiniú, go háirithe ós rud é gur mhian linn an chuid maidir le cearta an duine den Iarscríbhinn a shonrú agus na forálacha maidir le dliteanas sibhialta a scríosadh nó, ar a laghad, iad a shonrú tuilleadh.

